Is áis doiciméadúcháin amháin an téacs seo agus níl aon éifeacht dhlíthiúil aige. Ní ghabhann institiúidí an Aontais aon dliteanas orthu féin i leith inneachar an téacs. Is iad na leaganacha de na gníomhartha a foilsíodh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh agus atá ar fáil ar an suíomh gréasáin EUR-Lex na leaganacha barántúla de na gníomhartha ábhartha, brollach an téacs san áireamh. Is féidir teacht ar na téacsanna oifigiúla sin ach na naisc atá leabaithe sa doiciméad seo a bhrú

►B

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/725 ÓN gCOIMISIÚN

an 4 Bealtaine 2021

lena maolaítear i leith na bliana 2021 ó Rialacháin Chur Chun Feidhme (AE) Uimh. 809/2014, (AE) Uimh. 180/2014, (AE) Uimh. 181/2014, (AE) 2017/892, (AE) 2016/1150, (AE) 2018/274, (AE) 615/2014, agus (AE) 2015/1368 a mhéid a bhaineann le seiceálacha áirithe riaracháin agus seiceálacha ar an láthair is infheidhme laistigh den chomhbheartas talmhaíochta

(IO L 155, 5.5.2021, lch. 8)

Arna leasú le:

		Iris Oifigiúil		
		Uimh	Leathanach	Dáta
►M1	Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1216 ón gCoimisiún an 8 Iúil 2022	L 188	49	15.7.2022

▼B

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/725 ÓN gCOIMISIÚN

an 4 Bealtaine 2021

lena maolaítear i leith na bliana 2021 ó Rialacháin Chur Chun Feidhme (AE) Uimh. 809/2014, (AE) Uimh. 180/2014, (AE) Uimh. 181/2014, (AE) 2017/892, (AE) 2016/1150, (AE) 2018/274, (AE) 615/2014, agus (AE) 2015/1368 a mhéid a bhaineann le seiceálacha áirithe riaracháin agus seiceálacha ar an láthair is infheidhme laistigh den chomhbheartas talmhaíochta

CAIBIDIL I

MAOLUITHE Ó RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) Uimh. 809/2014

Airteagal 1

De mhaolú ar Airteagail 24(4), 48(5), 49(1), 52(1), Airteagal 60(2), an tríú fomhír, agus Airteagal 71(3) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 809/2014, de bharr na mbeart a chuirtear i bhfeidhm le haghaidh a thabhairt ar phaindéim COVID-19, ionas go ndéanfar seiceálacha i leith na bliana éilimh 2021 nó na bliana féilire 2021 faoi seach, féadfaidh na Ballstáit a chinneadh na cigireachtaí fisiceacha a bheidh le déanamh faoin Rialachán sin a ionadú go hiomlán, go háirithe cuairteanna allamuigh agus seiceálacha ar an láthair, trí léirmhíniú grianghraif a úsáid ar ortai-íomhánna satailíte nó aeir nó trí theicneolaíochtaí nua a úsáid amhail grianghraif gheochlibeáilte nó fianaise ábhartha eile lena n-áirítear fianaise dhoiciméadach a chuireann an tairbhí ar fáil ar iarraidh an údaráis inniúil, lena gceadófaí teacht ar chonclúidí deifnídeacha chun sástachta an údaráis inniúil.

Mura féidir na cuairteanna ar an oibríocht a dtugtar tacaíocht di nó ar an suíomh infheistíochta dá dtagraítear in Airteagal 48(5) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 809/2014 a ionadú le fianaise dhoiciméadach ábhartha, déanfaidh na Ballstáit na cuairteanna sin tar éis don íocaíocht deiridh a bheith déanta.

Airteagal 2

De mhaolú ar Airteagail 26(4) agus 42(1) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 809/2014, i gcás ina dtarlaíonn sé de bharr na mbeart a chuirtear i bhfeidhm le haghaidh a thabhairt ar phaindéim COVID-19, nach bhfuil na Ballstáit in ann seiceálacha ar an láthair a dhéanamh laistigh den tréimhse ama a éilítear leis na forálacha sin, agus nach féidir leis na modhanna malartacha lena n-áirítear an úsáid a bhaintear as teicneolaíochtaí nua an fhianaise is gá a sholáthar, féadfaidh na Ballstáit a chinneadh na seiceálacha sin a dhéanamh i leith na bliana éilimh 2021 nó na bliana féilire 2021 faoi seach tráth ar bith den bhliain, a mhéid a cheadófar leo na coinníollacha incháilitheachta a sheiceáil fós.

Airteagal 3

1. I gcás ina dtarlaíonn sé de bharr na mbeart a chuirtear i bhfeidhm le haghaidh a thabhairt ar phaindéim COVID-19, nach bhfuil na Ballstáit in ann na seiceálacha ar an láthair a dhéanamh sa bhliain

▼B

éilimh 2021 nó sa bhliain féilire 2021 faoi seach, i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach in Airteagail 30 go 33, 35, Airteagal 40a(1), an chéad fhomhír, pointe (c), Airteagal 40a(2), pointe (b), Airteagal 50(1), an chéad fhomhír, Airteagal 50(5), Airteagal 52(2), Airteagal 60(2), an tríú fomhír, Airteagal 68(1), an chéad fhomhír, agus Airteagal 68(4) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 809/2014, féadfaidh na Ballstáit a chinneadh na rialacha a leagtar amach i míreanna 2 go 13 faoi seach den Airteagal seo a chur i bhfeidhm.

2. De mhaolú ar Airteagal 30 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 809/2014, sa bhliain éilimh 2021, is é a bheidh sna ráta rialaithe:

(a) 3 % ar a laghad de na tairbhithe go léir a dhéanann iarratas ar an scéim íocaíochta bunúsaí nó ar an scéim íocaíochta aonair limistéir,

(b) 3 % ar a laghad de na tairbhithe go léir a dhéanann iarratas ar an íocaíocht athdháilte;

(c) 3 % ar a laghad de na tairbhithe go léir a dhéanann iarratas ar an íocaíocht le haghaidh limistéar lena mbaineann srianta nádúrtha;

(d) 3 % ar a laghad de na tairbhithe go léir a dhéanann iarratas ar an íocaíocht le haghaidh feirmeoirí óga;

(e) 3 % ar a laghad de na tairbhithe go léir a dhéanann iarratas ar íocaíochtaí a bhaineann le limistéar faoi thacaíocht chúpláilte dheonach;

(f) 3 % ar a laghad de na tairbhithe go léir a dhéanann iarratas ar an íocaíocht faoi scéim na bhfeirmeoirí beaga;

(g) 10 % ar a laghad de na limistéir arna ndearbhú um tháirgeadh cnáibe;

(h) 3 % ar a laghad de na tairbhithe go léir a dhéanann iarratas ar an íocaíocht bharrshonrach le haghaidh cadáis.

Na Ballstáit a bhfuil cinneadh déanta acu cheana na rátaí rialaithe a laghdú le haghaidh scéimeanna áirithe go dtí 3 % i gcomhréir le hAirteagal 36 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 809/2014, féadfaidh siad na céatadáin a leagtar amach le haghaidh na scéimeanna sin sa mhír seo a laghdú a thuilleadh go dtí 1 %.

3. De mhaolú ar Airteagal 31 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 809/2014, sa bhliain éilimh 2021, is é a bheidh sa ráta rialaithe:

(a) 3 % ar a laghad de na tairbhithe go léir is gá chun na cleachtais talmhaíochta atá tairbhiúil don aeráid agus don chomhshaol a urramú;

(b) 1 % ar a laghad de:

(i) De na tairbhithe uile a cháilíonn don íocaíocht ghlasaithe atá díolmhaithe ó na hoibleagáidí maidir le héagsúlú barr agus maidir leis an gceantar ina ndírítear ar an éiceolaíocht mar nach mbaineann siad amach na tairseacha dá dtagraítear in Airteagail 44 agus 46 de Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 agus nach mbaineann na hoibleagáidí leo dá dtagraítear in Airteagal 45 den Rialachán sin;

▼B

(ii) nó, sna blianta nach mbíonn feidhm ag Airteagal 44 de Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 639/2014 ón gCoimisiún ([1]) i mBallstát, na tairbhithe a cháilíonn don íocaíocht ghlasaithe atá díolmhaithe ó na hoibleagáidí maidir le héagsúlú barr agus maidir leis an gceantar ina ndírítear ar an éiceolaíocht mar nach mbaineann siad amach na tairseacha dá dtagraítear in Airteagail 44 agus 46 de Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 agus nach mbaineann an oibleagáid leo dá dtagraítear in Airteagal 45(1) den Rialachán sin;

(c) 3 % de na tairbhithe go léir a gceanglaítear orthu na ceanglais ghlasaithe a urramú agus a úsáideann scéimeanna náisiúnta nó réigiúnacha um dheimhniú comhshaoil dá dtagraítear in Airteagal 43(3), pointe (b) de Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013.

Cumhdóidh an ráta rialaithe dá dtagraítear sa chéad fhomhír, pointe (a), an tráth céanna, 3 % ar a laghad de na tairbhithe go léir ag a bhfuil limistéir atá cumhdaithe le féaraigh bhuana atá íogair ó thaobh comhshaoil i limistéir a chumhdaítear le Treoir 92/43/CEE ([2]) ón gComhairle nó Treoir 2009/147/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]) agus limistéir íogaire eile dá dtagraítear in Airteagal 45(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013.

4. De mhaolú ar Airteagal 32 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 809/2014, sa bhliain éilimh 2021, is é a bheidh sa ráta rialaithe:

(a) 3 % ar a laghad de na tairbhithe go léir a dhéanann iarratas ar bhearta forbartha tuaithe;

(b) 3 % ar a laghad de na comhfheirmeacha go léir a gcuirfear éileamh comhchoiteann isteach ina leith.

Maidir leis an ráta rialaithe dá dtagraítear sa chéad fhomhír, pointe (a), le haghaidh na mbeart dá bhforáiltear in Airteagail 28 agus 29 de Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]), déanfar an ráta rialaithe 3 % a bhaint amach ar leibhéal an bhirt aonair.

5. De mhaolú ar Airteagal 33 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 809/2014, sa bhliain éilimh 2021, is é a bheidh sa ráta rialaithe 3 % ar a laghad de na tairbhithe go léir a dhéanann iarratas ar scéimeanna cabhrach d'ainmhithe ina gcumhdaítear 3 % d'ainmhithe ar a laghad.

([1]) Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 639/2014 ón gCoimisiún an 11 Márta 2014 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear rialacha maidir le híocaíochtaí díreacha le feirmeoirí faoi scéimeanna tacaíochta faoi chuimsiú an chomhbheartais talmhaíochta agus lena leasaítear Iarscríbhinn X a ghabhann leis an Rialachán sin (IO L 181, 20.6.2014, lch. 1).

([2]) Treoir 92/43/CEE ón gComhairle an 21 Bealtaine 1992 maidir le gnáthóga nádúrtha agus fauna agus flóra fiáine a chaomhnú (IO L 206, 22.7.1992, lch. 7).

([3]) Treoir 2009/147/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Samhain 2009 maidir le héin fhiáine a chaomhnú (IO L 20, 26.1.2010, lch. 7).

([4]) Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir le tacaíocht d'fhorbairt tuaithe ón gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1698/2005 ón gComhairle (IO L 347, 20.12.2013, lch. 487).

▼M1

6. De mhaolú ar Airteagal 35 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 809/2014, féadfaidh na Ballstáit a chinneadh gan an méadú a chur i bhfeidhm ar an ráta rialaithe ar cheart a bheith curtha i bhfeidhm sa bhliain éilimh 2021 i gcás na scéimeanna cabhrach agus na mbeart tacaíochta dá dtagraítear i míreanna 2 go 5 den Airteagal seo.

▼B

7. De mhaolú ar Airteagal 40a(1), an chéad fhomhír, pointe (c), an chéad abairt, de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 809/2014, déanfar na seiceálacha ábhartha a bhaineann leis na critéir incháilitheachta, na gealltanais agus na hoibleagáidí eile le haghaidh 3 % ar a laghad de na tairbhithe lena mbaineann.

8. De mhaolú ar Airteagal 40a(2), pointe (b), de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 809/2014, déanfar na fíoruithe den chion teitrihidreacannaibionóil i gcnáib i gcás 10 % ar a laghad den limistéar.

9. De mhaolú ar Airteagal 50(1), an chéad fhomhír agus Airteagal 60(2), an tríú fomhír, de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 809/2014, sa bhliain féilire 2021, is é 3 % ar a laghad a bheidh sa ráta seiceálacha.

▼M1

10. De mhaolú ar Airteagal 50(5) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 809/2014, féadfaidh na Ballstáit a chinneadh gan an méadú a chur i bhfeidhm ar an ráta rialaithe ar cheart a bheith curtha i bhfeidhm sa bhliain féilire 2021 i gcás na scéimeanna cabhrach agus na mbeart tacaíochta dá dtagraítear i míreanna 2 go 5 den Airteagal seo.

▼B

11. De mhaolú ar Airteagal 52(2) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 809/2014, is é a bheidh sa ráta rialaithe, sa bhliain féilire 2021, i gcás seiceálacha *ex-post* 0,6 % ar a laghad.

12. De mhaolú ar Airteagal 68(1), an chéad fhomhír, de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 809/2014, is é a bheidh san íosráta rialaithe le haghaidh tras-chomhlíonadh 0,5 %, sa bhliain éilimh 2021.

▼M1

13. De mhaolú ar Airteagal 68(4) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 809/2014, féadfaidh na Ballstáit a chinneadh gan an méadú a chur i bhfeidhm ar rátaí rialaithe ar cheart a bheith curtha i bhfeidhm sa bhliain éilimh 2021.

▼B

Airteagal 4

I gcás na mBallstát a chuireann Airteagail 1, 2 agus 3 i bhfeidhm, áireofar sa dearbhú bainistíochta a bheidh le tarraingt suas de bhun Airteagal 7(3), an chéad fhomhír, pointe (b), de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 i gcás na mblianta airgeadais 2021 agus 2022 deimhniú gur cuireadh cosc ar ró-íocaíochtaí le tairbhithe agus gur tionscnaíodh aisghabháil méideanna neamhdhlite bunaithe ar fhíorú na faisnéise go léir is gá.

▼B

CAIBIDIL II

MAOLUITHE Ó NA BEARTA SONRACHA I bhFABHAR NA RÉIGIÚN IS FORIMEALLAÍ DEN AONTAS AGUS NA nOILEÁN BEAG AEIGÉACH

ROINN 1

Maoluithe ó Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 180/2014

Airteagal 5

1. De mhaolú ar Airteagal 16(2) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 180/2014, i gcás nach bhfuil na Ballstáit in ann, de bharr na mbeart a chuirtear i bhfeidhm le haghaidh a thabhairt ar phaindéim COVID-19, seiceálacha fisiceacha a dhéanamh sna réigiúin is forimeallaí i gcomhréir leis na rialacha a leagtar amach san fhoráil sin, sa bhliain 2021 féadfaidh na Ballstáit a chinneadh seiceálacha fisiceacha a eagrú i gcomhréir leis na rialacha a leagtar amach i mír 2 den Airteagal seo.

2. Na seiceálacha fisiceacha a dhéanfar sa réigiún is forimeallaí lena mbaineann maidir le hallmhairiú, tabhairt isteach, onnmhairiú agus seoladh táirgí talmhaíochta, is é a bheidh i gceist iontu sampla ionadaíoch 3 % ar a laghad de na ceadúnais agus na deimhnithe arna dtíolacadh i gcomhréir le hAirteagal 9 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 180/2014.

3. De mhaolú ar Airteagal 22 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 180/2014, i gcás nach bhfuil na Ballstáit in ann, de bharr na mbeart a chuirtear i bhfeidhm le haghaidh a thabhairt ar phaindéim COVID-19, seiceálacha ar an láthair a dhéanamh sna réigiúin is forimeallaí i gcomhréir leis na rialacha a leagtar amach san Airteagal sin, sa bhliain 2021 féadfaidh na Ballstáit a chinneadh seiceálacha ar an láthair a eagrú i gcomhréir leis na rialacha a leagtar amach i mír 4 den Airteagal seo.

4. Ar bhonn anailís riosca a dhéantar i gcomhréir le hAirteagal 24(1) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 180/2014, déanfaidh na húdaráis inniúla seiceálacha ar an láthair trí 3 % ar a laghad de na hiarratais ar chabhair a shampláil. Beidh sa sampla comhionann freisin 3 % ar a laghad de na méideanna a chumhdaítear leis an gcabhair le haghaidh gach gníomhaíochta.

5. De mhaolú ar Airteagal 16(2) agus Airteagal 22 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 180/2014, i gcás nach bhfuil na Ballstáit in ann, de bharr na mbeart a chuirtear i bhfeidhm le haghaidh a thabhairt ar phaindéim COVID-19, seiceálacha ar an láthair a dhéanamh i leith na mbeart sonrach i bhfabhar na réigiún is forimeallaí i gcomhréir leis na rialacha a leagtar amach sna forálacha sin don bhliain 2021, féadfaidh na Ballstáit a chinneadh:

(a) úsáid teicneolaíochtaí nua a chur in ionad seiceálacha ar an láthair, lena n-áirítear grianghraif gheochlibeáilte, grianghraif a bhfuil dáta orthu, tuarascálacha faireachais ladrainn a bhfuil dáta orthu, físchomhdhálacha leis na tairbhithe nó aon fhianaise dhoiciméadach ábhartha a d'fhéadfadh a bheith ina chuidiú agus cur chun feidhme cuí na mbearta á fhíorú;

(b) na seiceálacha sin a dhéanamh tráth ar bith den bhliain, a mhéid a cheadófar leo go fóill na coinníollacha incháilitheachta a sheiceáil, lena n-áirítear tar éis an íocaíocht deiridh a dhéanamh.

▼M1

6. De mhaolú ar Airteagal 59(5) de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013, féadfaidh na Ballstáit a chinneadh gan an méadú a chur i bhfeidhm ar an ráta rialaithe ar cheart a bheith curtha i bhfeidhm sa bhliain éilimh 2021 i gcás na scéimeanna cabhrach agus na mbeart tacaíochta dá dtagraítear i míreanna 1 go 5 den Airteagal seo.

▼B

ROINN 2

Maoluithe ó Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 181/2014

Airteagal 6

1. De mhaolú ar Airteagal 13(2) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 181/2014, i gcás nach bhfuil an Ghréig, de bharr na mbeart a chuirtear i bhfeidhm le haghaidh a thabhairt ar phaindéim COVID-19, in ann seiceálacha fisiceacha a dhéanamh i gcomhréir leis na rialacha a leagtar amach san fhoráil sin, féadfaidh an Ghréig a chinneadh seiceálacha fisiceacha a eagrú i gcomhréir leis na rialacha a leagtar amach i mír 2 den Airteagal seo sa bhliain 2021.

2. Na seiceálacha fisiceacha a dhéanfar sna hoileáin bheaga Aeigéacha ar theacht isteach táirgí talmhaíochta, beidh sampla ionadaíoch i gceist leo ina bheidh 3 % ar a laghad de na deimhnithe arna dtíolacadh i gcomhréir le hAirteagal 7 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 181/2014. Na seiceálacha fisiceacha a dhéanfar sna hoileáin bheaga Aeigéacha ar an onnmhairiú nó ar an seoladh dá bhforáiltear i Roinn 3 den Rialachán sin, beidh sampla ionadaíoch i gceist leo a bheidh comhionann le 3 % ar a laghad de na hoibríochtaí, bunaithe ar na próifílí riosca arna mbunú ag an nGréig.

3. De mhaolú ar Airteagal 20 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 181/2014, i gcás nach bhfuil an Ghréig in ann, de bharr na mbeart a chuirtear i bhfeidhm le haghaidh a thabhairt ar phaindéim COVID-19, seiceálacha ar an láthair a dhéanamh i gcomhréir leis na rialacha a leagtar amach san Airteagal sin, sa bhliain 2021 féadfaidh an Ghréig a chinneadh seiceálacha ar an láthair a eagrú i gcomhréir leis na rialacha a leagtar amach i mír 4 den Airteagal seo.

4. Ar bhonn anailís riosca i gcomhréir le hAirteagal 22(1) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 181/2014, déanfaidh na húdaráis inniúla seiceálacha ar an láthair trí shampláil a dhéanamh, maidir le gach gníomhaíocht, ar 3 % ar a laghad de na hiarratais ar chabhair. Is é a bheidh sa sampla chomh maith 3 % ar a laghad de na méideanna a chumhdaítear leis an gcabhair le haghaidh gach gníomhaíochta.

5. De mhaolú ar Airteagal 13(2) agus Airteagal 20 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 181/2014, i gcás nach bhfuil an Ghréig in ann, de bharr na mbeart a chuirtear i bhfeidhm le haghaidh a thabhairt ar phaindéim COVID-19, seiceálacha ar an láthair a dhéanamh i leith na mbeart sonrach i bhfabhar na n-oileán beag Áigéach i gcomhréir leis na rialacha a leagtar amach sna forálacha sin don bhliain 2021, féadfaidh an Ghréig a chinneadh:

(a) úsáid teicneolaíochtaí nua a chur in ionad seiceálacha ar an láthair, lena n-áirítear grianghraif gheochlibeáilte, grianghraif a bhfuil dáta orthu, tuarascálacha faireachais ladrainn a bhfuil dáta orthu, fischomhdhálacha leis na tairbhithe nó aon fhianaise dhoiciméadach ábhartha a d'fhéadfadh a bheith ina chuidiú agus cur chun feidhme cuí na mbearta á fhíorú;

▼B

(b) na seiceálacha sin a dhéanamh tráth ar bith den bhliain, a mhéid a cheadófar leo go fóill na coinníollacha incháilitheachta a sheiceáil, lena n-áirítear tar éis an íocaíocht deiridh a dhéanamh.

▼M1

6. De mhaolú ar Airteagal 59(5) de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013, féadfaidh an Ghréig a chinneadh gan an méadú a chur i bhfeidhm ar an ráta rialaithe ar cheart a bheith curtha i bhfeidhm sa bhliain éilimh 2021 i gcás na scéimeanna cabhrach agus na mbeart tacaíochta dá dtagraítear i míreanna 1 go 5 den Airteagal seo.

▼B

CAIBIDIL III

MAOLUITHE Ó RIALACHA LENA gCUIRTEAR COMHEAGRAÍOCHT NA MARGAÍ CHUN FEIDHME

ROINN 1

Maoluithe ó Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/892

Airteagal 7

1. De mhaolú ar Airteagal 24 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/892, ní bheidh feidhm ag seiceálacha ar an láthair maidir le critéir aitheantais don bhliain 2021.

2. De mhaolú ar Airteagal 27(2) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/892:

(a) sa bhliain 2021, bainfidh na seiceálacha ar an láthair dá dtagraítear in Airteagal 27 den Rialachán sin le sampla arb é a bheidh ann 10 % ar a laghad den chabhair iomlán ar a ndearnadh iarratas don bhliain 2020;

(b) maidir leis an riail go dtabharfar cuairt uair amháin gach 3 bliana ar a laghad ar gach eagraíocht táirgeoirí nó ar gach comhlachas eagraíochtaí táirgeoirí a chuirfidh clár oibríochta chun feidhme, ní bheidh feidhm ag an riail sin i gcás na seiceálacha ar an láthair a dhéanfar sa bhliain 2021.

3. De mhaolú ar Airteagal 27(7) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/892, maidir leis an riail go ndéanfar gníomhaíochtaí ar ghabháltais aonair bhaill na n-eagraíochtaí táirgeoirí a chumhdaítear leis an sampla dá dtagraítear in Airteagal 27(2) den Rialachán sin a chur faoi réir cuairt amháin ar a laghad chuig an áit ina gcuirtear an ghníomhaíocht chun feidhme chun a fhíorú go bhfuil an ghníomhaíocht á cur i gcrích, ní bheidh feidhm ag an riail sin i gcás na seiceálacha ar an láthair a dhéanfar sa bhliain 2021. Féadfar cineálacha eile seiceálacha a shaineoidh na Ballstáit a chur in ionad na gcuairteanna sin, amhail grianghraif gheochlibeáilte, grianghraif a bhfuil dáta orthu, tuarascálacha faireachais ladrainn a bhfuil dáta orthu, seiceálacha riaracháin nó físchomhdhálacha leis na tairbhithe.

4. De mhaolú ar Airteagal 29(2) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/892, sa bhliain 2021, féadfaidh na Ballstáit seiceáil a dhéanamh, maidir le gach táirge a tharraingítear siar, gan beann ar a gceann scríbe beartaithe, ar chéatadán níos lú ná céatadán sin a leagtar síos san fhoráil sin, ar choinníoll nach lú ná 10 % é de na cainníochtaí lena mbaineann le linn bliain margaíochta aon eagraíochta táirgeoirí ar leith. Féadfaidh an tseiceáil tarlú ag áitreabh na heagraíochta táirgeoirí nó ag láithreáin fhaighteoirí na dtáirgí. I gcás ina nochtar neamhrialtachtaí sna seiceálacha, déanfaidh na Ballstáit seiceálacha breise. Féadfar cineálacha eile seiceálacha a shaineoidh na Ballstáit a chur in ionad na

▼B

seiceálacha sin, amhail grianghraif gheochlibeáilte, grianghraif a bhfuil dáta orthu, tuarascálacha faireachais ladrainn a bhfuil dáta orthu, seiceálacha riaracháin nó físchomhdhálacha leis na tairbhithe.

5. De mhaolú ar Airteagal 30(3) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/892, sa bhliain 2021, beidh sampla ar áireamh i ngach seiceáil arb é a bheidh ann 3 % ar a laghad de na cainníochtaí a tharraing an eagraíocht táirgeoirí siar le linn na bliana margaíochta 2020. Féadfar cineálacha eile seiceálacha a shaineoidh na Ballstáit a chur in ionad na seiceálacha sin, amhail grianghraif gheochlibeáilte, grianghraif a bhfuil dáta orthu, tuarascálacha faireachais ladrainn a bhfuil dáta orthu, seiceálacha riaracháin nó físchomhdhálacha leis na tairbhithe.

6. De mhaolú ar Airteagal 31(1) agus (2) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/892 sa bhliain 2021, féadfar cineálacha eile seiceálacha a shaineoidh na Ballstáit a chur in ionad na seiceálacha ar an láthair, amhail grianghraif gheochlibeáilte, grianghraif a bhfuil dáta orthu, tuarascálacha faireachais ladrainn a bhfuil dáta orthu, seiceálacha riaracháin nó físchomhdhálacha leis na tairbhithe.

ROINN 2

Maoluithe ó Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1150

Airteagal 8

1. De mhaolú ar Airteagal 32(1) agus 42(3) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1150, le linn na bliana airgeadais 2021, i gcás ina gcuireann na bearta a chuirtear i bhfeidhm le haghaidh a thabhairt ar phaindéim COVID-19 cosc ar na Ballstáit seiceálacha ar an láthair a dhéanamh i gcomhréir leis na forálacha sin, féadfar cineálacha eile rialuithe a shaineoidh na Ballstáit a chur in ionad na seiceálacha sin, amhail grianghraif a bhfuil dáta orthu, tuarascálacha faireachais ladrainn a bhfuil dáta orthu, seiceálacha riaracháin nó físchomhdhálacha leis na tairbhithe, lena ráthaítear go ndéantar na rialacha a bhaineann leis na cláir thacaíochta in earnáil an fhíona a urramú.

2. De mhaolú ar Airteagal 43(3) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1150, le linn na bliana airgeadais 2021, i gcás ina gcuireann na bearta a chuirtear i bhfeidhm le haghaidh a thabhairt ar phaindéim COVID-19 cosc ar na Ballstáit seiceálacha ar an láthair a dhéanamh i gcomhréir leis an bhforáil sin, déanfar na seiceálacha sin ar oibríochtaí glasbhuainte faoin 15 Meán Fómhair 2021.

ROINN 3

Maoluithe ó Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/274

Airteagal 9

1. De mhaolú ar Airteagal 27(3) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/274, i gcás ina gcuireann na bearta a chuirtear i bhfeidhm le haghaidh a thabhairt ar phaindéim COVID-19 cosc ar Bhallstáit le linn thréimhse an fhómhair fíonchaor sa bhliain 2021 fíonchaora úra a bhailiú agus a phróiseáil go feadh mhéid an lín samplaí a leagtar amach i gCuid II d'Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán sin, féadfaidh na Ballstáit maolú ón líon samplaí sin.

▼B

2. De mhaolú ar Airteagal 31(2), pointe (b), de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/274, i gcás ina gcuireann na bearta a cuireadh i bhfeidhm le haghaidh a thabhairt ar phaindéim COVID-19 cosc ar na Ballstáit seiceálacha ar an láthair a dhéanamh sa bhliain 2021 i gcomhréir leis an bhforáil sin, déanfaidh na Ballstáit na seiceálacha sin ar 3 % ar a laghad de shaothróirí fíniúna i gclár na bhfíonghort.

3. De mhaolú ar Airteagal 31(2), pointe (c), de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/274, féadfaidh na Ballstáit sa bhliain 2021 seiceálacha córasacha ar an láthair a chur ar fionraí go sealadach i limistéir ina bhfuil fíniúnacha curtha nach bhfuil áirithe in aon chomhad saothróra fíniúna, i gcásanna ina gcuireann na bearta a chuirtear i bhfeidhm le haghaidh a thabhairt ar phaindéim COVID-19 cosc ar na Ballstáit seiceálacha den sórt sin a dhéanamh.

ROINN 4

Maolú ó Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 615/2014

Airteagal 10

De mhaolú ar Airteagal 6 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 615/2014, i gcás ina gcuireann na bearta a chuirtear i bhfeidhm le haghaidh a thabhairt ar phaindéim COVID-19 cosc ar na Ballstáit na seiceálacha ar an láthair a dhéanamh in am trátha sa bhliain féilire 2021, féadfaidh na Ballstáit a chinneadh na seiceálacha ar an láthair a ionadú i bpáirt nó go hiomlán le seiceálacha riaracháin nó trí úsáid a bhaint as fianaise ábhartha, lena n-áirítear grianghraif gheochlibeáilte, fischomhráite nó fianaise eile i bhformáid leictreonach.

ROINN 5

Maolú ó Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1368

Airteagal 11

De mhaolú ar Airteagal 8(3) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1368, le linn na bliana beachadóireachta 2021 féadfaidh na Ballstáit a chinneadh imeacht ón tairseach 5 % maidir le seiceálacha ar an láthair ar iarratasóirí ar chabhair faoi chuimsiú a gclár beachadóireachta ar choinníoll go ndéanann siad na seiceálacha ar an láthair a ionadú le seiceálacha malartacha trí ghrianghraif a iarraidh, trí fhíschomhráite nó trí aon mhodh eile a d'fhéadfadh fónamh mar thacaíocht nuair atá cur chun feidhme cuí na mbeart a áirítear sa chlár beachadóireachta á fhíorú.

CAIBIDIL IV

FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

Airteagal 12

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

▼B

Beidh feidhm ag Caibidlí I agus II agus ag Caibidil III, Ranna 3 agus 4, ón 1 Eanáir 2021.

Beidh feidhm ag Caibidil III, Ranna 1 agus 2 ón 16 Deireadh Fómhair 2020.

Beidh feidhm ag Caibidil III, Roinn 5, ón 1 Lúnasa 2020.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.